Ceud Epistil ghinearalta Pheadair absdail
The First General Epistle of Peter

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1 2 3

Dara Epistil ghinearalta Pheadair absdail
The Second General Epistle of Peter

William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

Caibidil 1

An togha do dheanamh cinnteach dhóibh féin, tre shúbhailce Chríosd do leanmhuin; 16 neach do dhearbhadh na Mhac Dé, ó na habsdaluibh, ón Athar, agus ó na fáighibh.

Chapter 1

1 Siomon Peadar, searbhfhóghantuigh agus absdal Iósa Críosd, chum na druinge fuáir creideamh comhmórluáidh rinne tré fhiréuntachd ar Ndé agus ar slánaightheóra Iósa Críosd:

1 Simon Peter, a servant and an apostle of Jesus Christ, to them that have obtained like precious faith with us through the righteousness of God and our Saviour Jesus Christ:

2 Grása agus síothchain go ro líonmhar maille ríbh tré eólas Dé, agus Iósa ar Dtíghearna,

2 Grace and peace be multiplied unto you through the knowledge of God, and of Jesus our Lord,

3 Mar do thiodhluic a chúmhachd díaghasan na huile neithe dhuinne *bheanas* ré beatha agus ré díaghachd, tré eólas an tí do ghoir sinn chum glóire agus súbhailce:

3 According as his divine power hath given unto us all things that *pertain* unto life and godliness, through the knowledge of him that hath called us to glory and virtue:

4 Tré a dtug sé dhúinn geallamhnacha ró mhóra mórluáidh: ionnus go mbíadh thrítheadh so cumann aguibh ris a nádúir dhíagha, ar mbeith dhibh ag seachna an truáillidhe atá sa tsáoghal tré ainmhían.

4 Whereby are given unto us exceeding great and precious promises: that by these ye might be partakers of the divine nature, having escaped the corruption that is in the world through lust.

5 Agus fós, ar ndéunamh na huile dhúthrachda dhíbhse dhá tháobh so, cuiridh súbhailcidhe ré bhur gcreideamh; agus eólas ré bhur súbhailcidhibh;

5 And beside this, giving all diligence, add to your faith virtue; and to virtue knowledge;

6 Agus measarrghachd ré bhur neólas; agus foighid ré bhur measarrghachd; agus díaghachd ré bhur bhfoighid;

6 And to knowledge temperance; and to temperance patience; and to patience godliness;

7 Agus cáoineas bráithreamhuil ré bhur ndíaghachd; agus grádh re bhur gcáoineas.

7 And to godliness brotherly kindness; and to brotherly kindness charity.

8 Oír má bhíonn na neithese eadruibh, agus iad ag líonadh, do bhéuruid oruibh gan bheith díomháoin na neamhthórthach a neólas ar Dtíghearna Iósa Críosd.

8 For if these things be in you, and abound, they make *you that ye shall* neither *be* barren nor unfruitful in the knowledge of our Lord Jesus Christ.

9 Oír an tí atá gan na neithese aige atá sé dall, agus ní léir dhó ní ar bith a bhfad úadh, ar na dhearmud dó gur glanadh é ó na sheanpheacuighibh.

9 But he that lacketh these things is blind, and cannot see afar off, and hath forgotten that he was purged from his old sins.

10 Uime sin a dhearbhráithre, go madh móide dhéunas sibh dúthrachd, ré bhur ngairm agus re bhur dtogha do dhéunamh diongmhalta: óir má ní sibh na neithese, ni bhfuighe sibh leagadh choidhche:

10 Wherefore the rather, brethren, give diligence to make your calling and election sure: for if ye do these things, ye shall never fall:

11 Oír as ámhluidh so gheabhus sibh go fairsing slighe ré dul a steach a rioghachd shiorruidhe ar Dtíghearna agus ar Slánaightheóra Iósa Críosd.

11 For so an entrance shall be ministered unto you abundantly into the everlasting kingdom of our Lord and Saviour Jesus Christ.

12 Ar a nadhbharsa ní dhéuna mé faíllidhe ré bheith ag síorchuir na neitheannsa a gcuimhne dhíbh, bíodh go bhfuil sibh iúlmhar, agus daingean sa bhfírinne atá a lathair.
13 Achd cheana, measuim gur cóir, an feadh bhías mé sa mboithse, sibhse do dhúsachd ré *bhur* gcur a gcoimhne;
14 Ar mbeith a fheasa agum gur fogas damh ám sgáoilte mo bhoithe, amhuil fós do thaísbéin ar Dtíghearna Iósa Críosd dhamh.
15 Agus fós do dhéun mo dhithchioll do ghnáth tair éis mimtheachd go madh héidir ribhse na neithese chuimhniughadh.
16 Oír ní ag leanmhuin do sgéultuibh ealadhanta fábhuill do bhámar, an tan do fhoillsigheamar dhíbhse cúmhachda agus teachd ar Dtíghearna Iósa Críosd, achd do chonncamar ré ar súilibh féin a mhórghachd.
17 Oír fuáir sé onóir agus glóir ó Dhía Athar, an tan tháinic a shamhuil so do ghúth chuige ón nglóir mhórghasin, Ag so mo Mhac grádhachsa, ann a bhfuil mo dheaghthoil.
18 Agus do chúalamairne an gúth sa tháinic ó néamh, ar mbeith dhúinn na fhochairsean ar a tslíabh náomhtha.
19 Agus atá aguinn bríathar na bhfáidheadh as deimhnighe *ná sin*; dana maith do ní sibh aire do thabhairt, amhuil do lóchrann shoillsigheas a nionad dhorcha, go soillsiughadh an láoi, agus go héirghe do réult na maidne ann bhur gcróidhthibh:
20 Ar mbeith fhios so aguibh ar tús, nach bhfuil fáidheadóireachd ar bith don sgriobtúr ó eidirmhíniughadh *thig ó dhuine* féin.
21 Oír ní réir thola duine tháinic an fháidheadoireachd a nallód: achd do labhráidís dáoine náomhtha Dé *do réir mar* do seóltuighe íad ón Spiorad Náomh.

12 Wherefore I will not be negligent to put you always in remembrance of these things, though ye know *them*, and be established in the present truth.
13 Yea, I think it meet, as long as I am in this tabernacle, to stir you up by putting *you* in remembrance;
14 Knowing that shortly I must put off *this* my tabernacle, even as our Lord Jesus Christ hath shewed me.
15 Moreover I will endeavour that ye may be able after my decease to have these things always in remembrance.
16 For we have not followed cunningly devised fables, when we made known unto you the power and coming of our Lord Jesus Christ, but were eyewitnesses of his majesty.

17 For he received from God the Father honour and glory, when there came such a voice to him from the excellent glory, This is my beloved Son, in whom I am well pleased.
18 And this voice which came from heaven we heard, when we were with him in the holy mount.
19 We have also a more sure word of prophecy; whereunto ye do well that ye take heed, as unto a light that shineth in a dark place, until the day dawn, and the day star arise in your hearts:

20 Knowing this first, that no prophecy of the scripture is of any private interpretation.

21 For the prophecy came not in old time by the will of man: but holy men of God spake *as they were* moved by the Holy Ghost.

Caibidil 2

Tairrghir ioma líonmhaireachd, nádur cleasradh, agus smachd na bfáighe fallsa.

1 Agus do bhádar mar an gcéudna fáidhe fallsa a measg an phobuil, amhuil bhías fós luchd teaguisg fallsa eadruibhse, noch bhéurus a steach ós íseal eireceachd dhamnuighthe, agus shéunfás an Tíghearna do cheannuigh íad, ag tarruing sgreasda obuinn orrtha féin.
2 Agus leanfuid móran a dteaguisg damnuighthe; ré maísleóchar slighe na fírinne.
3 Agus tré shaínt béid dá bhur nimcheannuigheachd maille ré bríathruibh blasda; dream dhár *cinneadh* fada ó shin

Chapter 2

1 But there were false prophets also among the people, even as there shall be false teachers among you, who privily shall bring in damnable heresies, even denying the Lord that bought them, and bring upon themselves swift destruction.
2 And many shall follow their pernicious ways; by reason of whom the way of truth shall be evil spoken of.
3 And through covetousness shall they with feigned words make merchandise of you: whose judgment now of a long time lingereth

damnughadh nách dtéid a shíneadh, agus ní ghabhann codladh an sgrios thiucfus orrtha.
4 Oír munar choigil Día na haingil do pheacuidh, achd ar na dteilgean síos go hifrionn dó, go dtug *íad* do shlabhraidhibh an dorchaduis, chum a gcongmhála ris an mbreitheamhnus;
5 Agus monar choigil sé an seandomhan, achd gur sháor sé Náoi an tochdmhadh *pearsa*, seanmóntuighe na fíréuntachda, ar dtabhairt na díleann dó ar a ndomhan na ndáoineadh neimhdhíagha;
6 Agus ag déunamh luáithridh do chaithreachuibh Shoduim agus Ghomorra do dhamnuigh sé *íad* maille ré na sgrios, ar na ndéunamh na neisiompláir don druing do chaithfeadh a mbeatha go neimhdhíagha;
7 Agus do sháor sé Lot an firéun, do tuirsigheadh ré coinbhearsáid neamhghloin na ndáoineadh neimhdhíagha:
8 (Oír ar mbeith don fhiréun úd na chomhnuidhe eatorra, fuáir a anam firéunta a phíanadh ó lá go lá ré na ngníomharthuibh neimhdhlisdionacha, dá bhfaicsin agus dá gcluinnsin dó;)
9 As éol don Tíghearna na dáoine díagha sháoradh ó chathughadh, agus na dáoine neimhfhiréunta choimhéud go lá an bhreitheamhnuis a bpíannuid:
10 Agus go mórmhór an dream leanus ainmhíana na colla a neamhghloine, agus do bheir neimhchion ar úachdaránachd. *Ar mbeith dhóibh* andána, lán asda féin, ní bhíonn faitcheas ortha fá anchaint do dhéunamh ar an luchd atá a gcúmhachduibh árda.
11 An tan nach beirid na haingil féin, atá ós a gcionnsan a neart agus a gcúmhachduibh, breath mhasluigheach na naghuidh a bhfíadhnuise an Tíghearna.
12 Achd bhíd an dreamsa, mar ainmhinntibh brúideamhla, noch do crúthuigheadh chum a ngabhála agus a sgriosda, ag labhairt go masluigheach air na neithibh nach aithnidh dhóibh; sgriosfuighthear íad an a dtruáilleadh féin;
13 Agus do ghéubhuid síad túarasdal na héugcora, mar an druing mheasas gur sáimhe sógh gach láoi. Buill cháidheacha shalcha, bhíos lán dfonn ann a mealltóireachd féin an tan bhíd bhur bhfochair ar fhéusduidhibh;
14 Agá bhfuilid súile lán dadhaltrannas, agus nach bhfeudann sgur do pheacadh; ag mealladh na nanmann neimhsheasmhach: agá

not, and their damnation slumbereth not.

4 For if God spared not the angels that sinned, but cast *them* down to hell, and delivered *them* into chains of darkness, to be reserved unto judgment;

5 And spared not the old world, but saved Noah the eighth *person*, a preacher of righteousness, bringing in the flood upon the world of the ungodly;

6 And turning the cities of Sodom and Gomorrha into ashes condemned *them* with an overthrow, making *them* an ensample unto those that after should live ungodly;

7 And delivered just Lot, vexed with the filthy conversation of the wicked:

8 (For that righteous man dwelling among them, in seeing and hearing, vexed *his* righteous soul from day to day with *their* unlawful deeds;)

9 The Lord knoweth how to deliver the godly out of temptations, and to reserve the unjust unto the day of judgment to be punished:

10 But chiefly them that walk after the flesh in the lust of uncleanness, and despise government. Presumptuous *are they*, selfwilled, they are not afraid to speak evil of dignities.

11 Whereas angels, which are greater in power and might, bring not railing accusation against them before the Lord.

12 But these, as natural brute beasts, made to be taken and destroyed, speak evil of the things that they understand not; and shall utterly perish in their own corruption;

13 And shall receive the reward of unrighteousness, *as* they that count it pleasure to riot in the day time. Spots *they are* and blemishes, sporting themselves with their own deceivings while they feast with you;
14 Having eyes full of adultery, and that cannot cease from sin; beguiling unstable souls: an heart they have exercised with covetous practices; cursed children:

bhfuilid cróidhthe do bheir íad féin do ghnáth do shaint; clann na mallachd:
15 Noch do sheachuin an tslighe dhíreach, agus do chuáidh ar seachrán, ag leanmhuin luirg Bhálaaim *mhic* Bósoir, noch tug grádh do thúarusdal na héugcóra;
16 Achd fuáir sé achmhusán ar son a pheacuigh: do labhair an beathach balbh do ghlór dháonna agus do thoirmisg sé an mhíchiall do bhí ar an bhfáidh.
17 As tobair gan uisge íad so, neóill dá dtiomáin ré sdoirm *gháoithe*; agá bhfuil an dorchadas fíordhorcha dhá thaisge fá a gcomhair go síorruidhe.
18 Oír ar mbeith dhóibh ag labhairt *bhríathar* uáibhreach gan éifeachd, mealluid síad ré hainmhíanuibh macnusacha na colla, an dream do dhealuigh beagán ré luchd an tseachráin do leanmhuin.
19 Ag geallamhuin sáoirsi dhóibh, agus gan ionntadh féin achd seirbhísigh don truáilleadh: óir gidh bé ní bheireas buáidh ar neach, do ní an ní céudna fós seirbhíseach dhe.
20 Oír tar éis dealuighe dhóibh ré neamhghloine an tsáoghailse tré eólas an Tighearna agus an Tslanaightheóra Iósa Críosd, dá gcraiplighthear íad a rís innte, ar na sárughadh, as measa a gcríoch dheígheanach ná a dtosach.
21 Oír do bhfearr dhóibh gan eólas do bheith aca ar shlíghe na firéuntachda, ná, tar éis eólais dfaghail, impogh dhóibh ó náithne náomhtha tugadh dhóibh.
22 Gidheadh do éiridh dhóibh do réir an tseanfhocail fhírinnigh, Do fhill an madradh tar a ais chum aithsgeathruighe; agus an mhuc do bhí ar na nighe chum a húnfurtaigh sa laithigh.

15 Which have forsaken the right way, and are gone astray, following the way of Balaam *the son* of Bosor, who loved the wages of unrighteousness;
16 But was rebuked for his iniquity: the dumb ass speaking with man's voice forbad the madness of the prophet.

17 These are wells without water, clouds that are carried with a tempest; to whom the mist of darkness is reserved for ever.

18 For when they speak great swelling *words* of vanity, they allure through the lusts of the flesh, *through much* wantonness, those that were clean escaped from them who live in error.
19 While they promise them liberty, they themselves are the servants of corruption: for of whom a man is overcome, of the same is he brought in bondage.

20 For if after they have escaped the pollutions of the world through the knowledge of the Lord and Saviour Jesus Christ, they are again entangled therein, and overcome, the latter end is worse with them than the beginning.
21 For it had been better for them not to have known the way of righteousness, than, after they have known *it*, to turn from the holy commandment delivered unto them.
22 But it is happened unto them according to the true proverb, The dog *is* turned to his own vomit again; and the sow that was washed to her wallowing in the mire.

Caibidil 3

Ge mór sgige na daoine bolgach uime sin, tiocfuidh Criosd ina ló fein do bhreith bhreitheamhnuis orrtha.

1 Ag so a nois an dara heipisdil, sgríobhuim chuguibh a chairde; ré bhfuilim ag togbháil suás bhur ninntine fhíorghloin dá bhur gcur a gcuimhne:
2 Ionnus go mbíadh cuimhne aguibh air na bríathruibh do labhradar na fáidhe náomhtha roimhe so, agus air a náithne tugamairne absdail an Tíghearna agus an Tslánaightheóra uáinn:

Chapter 3

1 This second epistle, beloved, I now write unto you; in *both* which I stir up your pure minds by way of remembrance:

2 That ye may be mindful of the words which were spoken before by the holy prophets, and of the commandment of us the apostles of the Lord and Saviour:

3 Ar mbeith fhios so aguibh ar tús, go dtiucfuid sna laéthibh deigheanacha luchd sgige, leanfus dá nainmíanuibh féin,
4 Agus a déuruid, Ca háit a bhfuil geallamhuin a theachda? óir ón tráth fá ndeachadar na haithreacha dhéug, fanuid na huile neithe a néunsdaid ó thus an chrúthuighe.
5 Oír atáid na ainbhfios so déuntoisg, go raibh neamh ann fada ó shin tré bhréithir Dé, agus an talamh sheasas go deingean as a nuisge agus ann sa nuisge:
6 Uime sin an domhan a nuáirsin, do sgriosadh é, ar dteachd don díle thairis:
7 Achd neamh agus talamh, a nois atáid da dtaisge ris an mbréithir gcéudna, dá gcoimhéud fá chomhair teineadh go lá damnuighe agus sgriosda na ndáoineadh neimhdhíagha.
8 Agus, a cháirde, ná biodh an táoin níse na ainbhfios oruibh, go *bhfuil* éunlá amháin ag an Dtíghearna mar mhíle bliadhan, agus míle blíadhain mar eunlá amháin.
9 Ní cuireann an Tíghearna muill ar a gheallamhuin, (mar mheasuid dream áirighe muill;) achd atá sé foighideach rinne, do bhrígh nach mían ris einneach dhul amúgha, achd na huile dháoine theachd chum aithrighe.
10 Gidheadh tiucfuidh lá an Tíghearna marghaduighe sa noidhche; ann a rachuidh neamh thoruinn maille ré tormán, agus ann a mbéid na dúile ag leaghadh ré teas, agus ann a loisgfighthear an talamh agus na hoibreacha atá air.
11 Uime sin ós éigin na neithese uile do sgáoileadh ó chéile, créd an ríochd ann ar chóir dháoibhse bheith da bhur síriomchar féin go náomhtha agus go díagha,
12 Maille ré bheith dhíbh ag fuireach agus ag déunamh deithnis ré lá Dé theachd, ann a sgáoilfighthear neamh ó cheile, ar mbeith dhó tré theinidh, agus ann a mbéid na duile ag leaghadh ré teas?
13 Achd atá súil aguinne, do réir a gheallamhnasan, ré neamhuibh núadha agus ré talamh núadh, ann a gcomhnuigheann an fhiréuntachd.
14 Uime sin, a cháirde, ó atá súil ris na neithibhse aguibh, bíghidh dúthrachdach chum bhur bhfághala dhósan gan cháidhe, gan chiontuibh, a siothcháin.
15 Agus measuidh foíghid fhada ar Dtíghearna mar shlánughadh; amhuil do sgríobh fós ar ndearbhráthair grádhach Pól chuguibh do réir na heagna tugadh dhó;

3 Knowing this first, that there shall come in the last days scoffers, walking after their own lusts,
4 And saying, Where is the promise of his coming? for since the fathers fell asleep, all things continue as *they were* from the beginning of the creation.
5 For this they willingly are ignorant of, that by the word of God the heavens were of old, and the earth standing out of the water and in the water:
6 Whereby the world that then was, being overflowed with water, perished:
7 But the heavens and the earth, which are now, by the same word are kept in store, reserved unto fire against the day of judgment and perdition of ungodly men.

8 But, beloved, be not ignorant of this one thing, that one day *is* with the Lord as a thousand years, and a thousand years as one day.
9 The Lord is not slack concerning his promise, as some men count slackness; but is longsuffering to us-ward, not willing that any should perish, but that all should come to repentance.

10 But the day of the Lord will come as a thief in the night; in the which the heavens shall pass away with a great noise, and the elements shall melt with fervent heat, the earth also and the works that are therein shall be burned up.

11 *Seeing* then *that* all these things shall be dissolved, what manner *of persons* ought ye to be in *all* holy conversation and godliness,

12 Looking for and hasting unto the coming of the day of God, wherein the heavens being on fire shall be dissolved, and the elements shall melt with fervent heat?

13 Nevertheless we, according to his promise, look for new heavens and a new earth, wherein dwelleth righteousness.

14 Wherefore, beloved, seeing that ye look for such things, be diligent that ye may be found of him in peace, without spot, and blameless.

15 And account *that* the longsuffering of our Lord *is* salvation; even as our beloved brother Paul also according to the wisdom given unto him hath written unto you;

16 Amhuil fós ann a éipisdlibh uile, ag labhairt ionntadh ar na neithibhse; an a bhfuilid neithe áiridhe atá dothuigsighe, noch iompoighid an dream neamhfhoghlomtha neimhsheasmhach ón gcéill dhírigh, amhuil *do níd* an chuid eile do na sgrioptúruibh mar an gcéudna, chum a ndamnuighthe féin.

16 As also in all *his* epistles, speaking in them of these things; in which are some things hard to be understood, which they that are unlearned and unstable wrest, as *they do* also the other scriptures, unto their own destruction.

17 Ar a nádhbharsin, a cháirde, ó atá fios aguibh roimh láimh, tuguidh aire ribh, deagla ar mbeith meallta ré seachrán na druinge neimhdhíagha sin, go dtuitfeadh sibh ó bhur ndiongmhaltachd féin.

17 Ye therefore, beloved, seeing ye know *these things* before, beware lest ye also, being led away with the error of the wicked, fall from your own stedfastness.

18 Achd bíghidh ag fás a ngrás, agus a neólas ar Dtíghearna agus ar Slanaightheóra Iósa Críosd. Glóir dhósan a nois agus go síorruidhe. Amén.

18 But grow in grace, and *in* the knowledge of our Lord and Saviour Jesus Christ. To him *be* glory both now and for ever. Amen.